# AN FORAS PÁTRÚNACHTA

## Nuachtlitir: Eagrán 5, Samhain 2012

Bloc K3, Campas Gnó Mhaigh Nuad, Maigh Nuad, Co. Chill Dara

eolas@foras.ie · **www.foras.ie · (01) 6294 110**

* Le do thoil déan cóip den nuachtlitir seo & scaipigí é ar na baill atá ar an mbord bainistíochta & foireann na scoile. Tá cóip den nuachtlitir seo ar fáil ar www.foras.ie




Taispeántais Ealaíne ó Ghaelscoil Bhrian Bóroimhe

A chairde,

Fáilte romhaibh ar fad ar ais ar scoil don téarma nua. Seo chugaibh an cúigiú eagrán den nuachtlitir nua atá ag AN FORAS PÁTRÚNACHTA. Sa nuachtlitir beidh an t-eolas is déanaí maidir leis AN FORAS PÁTRÚNACHTA, cúrsaí oideachais, an nuacht is déanaí agus eolas ar na ciorcláin is tábhachtaí ón Roinn Oideachais agus Scileanna chomh maith le gné ailt eile. Ba bhreá linn cloisteáil uaibh, má tá aon mholtaí agaibh is féidir teagmháil a dhéanamh linn ag na sonraí thuas luaite.

Le gach dea-ghuí



San eagrán seo, Samhain 2012:


- Gaelscoil an Chuilinn oscailte — Meán Fómhair 2012 — 2
- Gaelcholáistí Nua faoi phátrúnacht an Fhorais — 3
- Tús leis an bpróiseas chun scoileanna faoin Eaglais Chaitliceach a dhí-fheistiú — 5
- Oiliúint ar na Boird Bhainistíochta — 6
- An Comhairle um Oideachais Gaeltachta agus Gaelscolaíochta (COGG) — 8
- An Coimisinéir Teanga –Cearta Teanga i réimse an Oideachais — 9
- An Foras Pátrúnachta ar Facebook & Twitter — 11
- Dhá Aip nua Gaeilge seolta ag Cúla 4 & Comórtas Fhógra Teilifíse TG4 — 13
- Suíomh idirlín nua ag an Roinn Oideachais & Na Ciorcláin is déanaí ón Roinn Oideachais — 14
- Déan teagmháil linn — 15

# OSCLAÍONN GAELSCOIL NUA AN FORAS PÁTRÚNACHTA i mBAILE AN TIRIALAIGH: GAELSCOIL AN CHUILINN




D'oscail gaelscoil nua, Gaelscoil an Chuilinn, a dhoirse don chéad uair i mbliana. Is scoil nua lán-Ghaeilge, comhoideachasúil le héiteas idir-chreidmheach í Gaelscoil an Chuilinn, faoi phátrúnacht AN FORAS PÁTRÚNACHTA a d'oscail i mBaile an Tirialaigh, Baile Átha Cliath 15. D'oscail an scoil le ran-ganna naíonáin sóisir agus sinsir agus bhí lá iontach ag an bhfoireann agus na daltaí nua dar le Príomh-hoide nua na scoile, Fergus Ó Conghaile.

Guíonn Caoimhín Ó hEaghra, Ard Rúnaí AN FORAS PÁTRÚNACHTA, gach rath ar an bPríomhoide Fergus Ó Conghaile, foireann na scoile agus na daltaí nua ag tosú sa scoil nua, "Is am iontach í seo do mhuintir Ghaelscoil an Chuilinn a bheith páirteach ag tús saol na scoile seo agus a bheidh lárnach i gcur chuige agus fás na scoile. Níl aon amhras ann ach go gcuirfidh Gaelscoil an Chuilinn go mór le pobal Bhaile an Tirialaigh agus an ceantar máguaird. Tabharfaidh sé tuilleadh roghanna do thuismitheoirí oideachas lán-Ghaeilge a roghnú dá bpáistí," a dúirt Ó hEaghra, "Seo an tríú Gaelscoil déag atá oscailte i mBaile Átha Cliath faoi AN FORAS PÁTRÚNACHTA agus tá an líon ag fás fós le dhá Ghaelscoil eile ag oscailt sa chontae i 2013. Tiocfaidh fás agus forbairt ar Ghaelscoil an Chuilinn agus beidh AN FORAS PÁTRÚNACHTA ar fáil chun tacú leis an scoil ar gach uile bealach le scoil den scoth a chur ar fáil don phobal."

Is féidir tuilleadh eolais a fháil maidir le Gaelscoil an Chuilinn nó daltaí a chlárú leis an scoil nua trí glaoch a chur ar an bpríomhoide, Fergus Ó Conghaile ag 01-8262022 nó ríomhphost a sheoladh chuig gaelscoilanchuilinn@gmail.com



# PÁTRÚNACHT AR GHAEL-CHOLÁISTÍ NUA BRONNTA AR AN FORAS PÁTRÚNACHTA

Tá sé fógartha inniu ag an Aire Ruairí Quinn go bhfuil pátrúnacht dhá Ghael-Choláiste nua lonnaithe i mBaile Brigín agus i nDún Droma i mBaile Átha Cliath bronnta ar An Foras Pátrúnachta.

Labhair Caoimhín Ó hEaghra, Ard Rúnaí An Foras Pátrúnachta faoin bhfógra a raibh feitheamh mór air, "Fáiltíonn An Foras Pátrúnachta roimh an gcinneadh aitheantas a thabhairt dóibh mar phátrún ar dhá Ghael-Choláiste nua i mBaile Brigín agus i nDún Droma. Is éacht iontach é seo do thuismitheoirí, na Coistí Bunaithe agus gach duine a bhí de shíor ag tiomáint na bhfeachtais do bhunú na nGael-Choláistí. Táimid an-áthasach mar an t-aon phátrún, a bunaíodh le hoideachas lán-Ghaeilge a chur chun cinn, gur thug an próiseas seo deis dúinn an t-éileamh mór ó thuismitheoirí don mhúnla a chuireann muid ar fáil a léiriú."

Thug Ó hEaghra aitheantas agus buíochas don Aire, an Roinn agus a gcuid oifigigh as a gcuid oibre tríd an bpróiseas seo ar fad. Dúirt Ó hEaghra go raibh comhartha soiléir tagtha ón Roinn go bhfuil gá le freastal ar an éileamh mór d'oideachas lán-Ghaeilge ag an mbun agus ag an dara leibhéal. Lean Ó hEaghra, "Tá An Foras Pátrúnachta ag súil le comhoibriú leis an Roinn le cur leis an bhforbairt do sholáthar d'oideachas lán-Ghaeilge ag gach leibhéal."

Tharraing na feachtais do phátrúnacht ar na Gael-Choláistí nua neart airde agus tacaíochta poiblí, le méid mór tuismitheoirí ag clárú a gcuid tacaíochta do na scoileanna nua. Tá An Foras Pátrúnachta ag súil le comhoibriú leis na Coistí Bunaithe ag réiteach agus ag eagrú oscailt agus bunú rathúil na scoileanna seo. Lean Ó hEaghra, "Tá na Coistí Bunaithe i ndiaidh na blianta a chaitheamh ag tabhairt a gcuid fuinnimh don fheachtas do bhunú na nGael-Choláistí. Tá buíochas agus creidmheas mór mílteach le dul do gach duine a chuidigh chun scoileanna dara leibhéal lán-Ghaeilge a thabhairt go dtí a gceantair.



Dúirt Cathaoirleach Choiste Bunaithe Choláiste Ghlór na Mara i mBaile Brigín, Tadhg Ó Tuachaigh, "Is nuacht iontach é seo do thuismitheoirí agus pháistí an cheantair go bhfuil oideachas lán-Ghaeilge ar fáil ón naíscoil go dtí an Ard Teist."

Coiste bunaithe Coláiste Ghlór na Mara ag ceiliúradh

AN FORAS PÁTRÚNACHTA

Nuachtlitir: Eagrán 5, Samhain 2012



# PÁTRÚNACHT AR GHAEL-CHOLÁISTÍ NUA BRONNTA AR AN FORAS PÁTRÚNACHTA

Tá An Foras Pátrúnachta ina phátrún ar 61 bunscoil agus anois 5 mheánscoil. Beidh na Gael-Choláistí nua ina scoileanna comhoideachasúil, ilchreidmheach le héiteas Gaeilge. Rinne Ó hEaghra trácht ar mhisean an phátrúin dá scoileanna, "Tá sé rí- thábhachtach go gcuireann ár scoileanna an leibhéal is airde oideachais trí mheán na Gaeilge ar fáil."

Tá comhoibriú ar siúl idir An Foras Pátrúnachta agus Coiste Bunaithe i Maigh Nuad le tamall anuas, ar fheachtas do Ghael-Choláiste nua don bhaile. Rinne an pátrún iarratas an-láidir do Ghael-Choláiste don Roinn ag léiriú an t-éileamh ollmhór ó níos mó ná 600 tuismitheoir. Cé go bhfuil díomá ann nár aithin an Roinn Gael-Choláiste an uair seo, cuireann An Foras Pátrúnachta fáilte roimh aitheantas an Aire agus na Roinne don éileamh mór d'oideachas lán-Ghaeilge. Tabharfaidh fógra an Aire roinnt sóláis do thuismitheoirí an cheantair go bhfuil Aonad le hoscailt leis an tuiscint go bhforbróidh sé isteach i nGael-Choláiste neamhspléach faoi cheann cheithre bliana. "Cé nach n-aontaíonn An Foras Pátrúnachta le coincheap an Aonaid, cuireann an pátrún fáilte roimh fhógra an Aire a thugann le fios go mbeidh An Foras Pátrúnachta ag dul i gcomhairle le Coiste Gairmoideachais Chill Dara le múnla sásúil a chruthú a fhorbróidh go Gael-Choláiste." Ag feidhmiú mar an t-aon phátrún a bunaíodh go sainiúil le hoideachas lán-Ghaeilge a sholáthar, bainfidh An Foras Pátrúnachta leas as an saineolas agus taithí atá san eagraíocht chun cinntiú go mbunófar Gael-Choláiste i Maigh Nuad.

Osclóidh na Gael-Choláistí nua i mí Mheán Fómhair 2014, le suíomh cruinn na scoileanna fós le deimhniú sna ceantair aitheanta. Tugtar comhairle do thuismitheoirí teagmháil a dhéanamh leis An Foras Pátrúnachta le haghaidh tuilleadh eolais ar na scoileanna nua.



Tuilleadh eolais:

An Foras Pátrúnachta

:: eolas@foras.ie

:: 01-6294110

:: www.foras.ie



## Tús leis an bpróiseas chun scoileanna faoin Eaglais Chaitliceach a aistriú go pátrúin eile

Thug an t-Aire Ruairí Quinn fios don phobal maidir leis an gcéad chuid den phróiseas i ndífheistiú scoileanna Caitliceacha. Tá suirbhé á dhéanamh chun mianta tuismitheoirí a mheas maidir le cén cineál bunscoil atá uathu dá gceantar.

Deir Ard-Rúnaí An Foras Pátrúnachta, Caoimhín Ó hEaghra, "Tá an Roinn Oideachais agus Scileanna ag tabhairt níos mó roghanna do thuismitheoirí, sa phróiseas seo, ar an gcineál scoil gur mian leo ó thaobh an meán teagaisc agus sainspiorad na scoile." Lean Ó hEaghra ag rá, "Tá An Foras Pátrúnwachta ábalta freastal ar na mianta éagsúla atá ag tuismitheoirí ó thaobh oideachas lán-Ghaeilge agus sainspiorad Ilchreidmheach, Idir-chreidmheach nó Caitliceach."

Tá tús á chur leis an suirbhé i gcúig cheantar: An tInbhear Mór, Caisleán an Bharraigh, Fionnbhrú (lena n-áirítear An Choill Mhór Thiar agus Beaumont), Baile Átha Troim agus an Trá Mhór. Tá an tAire ag iarraidh ar thuismitheoirí ó na ceantair seo dul ar líne agus an suirbhé a líonadh roimh an Aoine, 09 Samhain 2012. Is féidir an suirbhé a fháil ar shuíomh na Roinne ag www.education.ie nó is féidir gach eolas a fháil ar ár suíomh ag www.foras.ie.

Deir Ó hEaghra 'gur deis iontach é seo do thuismitheoirí ar mhaith leo oideachas lán-Ghaeilge a chur chun cinn ina gceantar. Is fiú dóibh an suirbhé a líonadh agus scoil lán-Ghaeilge faoi An Foras Pátrúnachta a roghnú'. Lean Ó hEaghra ar aghaidh 'más mian le tuismitheoirí scoil lán-Ghaeilge ba chóir dóibh na buntáistí atá leis a mhíniú do thuismitheoirí eile agus a dtacaíocht a lorg.


Cabhraigh linn

Leave a comment

**English version here**

Tá An Roinn Oideachais agus Scileanna ag déanamh suirbhé i do cheantar le fáil amach cén cineál scoil atá ag teastáil uait do do phaistí. Le do thoil roghnaigh Oideachais trí mheán na Gaeilge:

- Roghnaigh **Scoil Lán-Ghaeilge / Gaelscoil** mar do rogha scoil.
- Roghnaigh **An Foras Pátrúnachta** mar phatrún má tá **Gaelscoil** uait
- Cur **tuismitheoirí eile ar an eolas faoi do rogha** agus cur ceist orthu tacú le do rogha.
- Má tá spéis agat cabhrú linn, le do thoil tabhair cuairt ar www.foras.ie

Le do thoil tóg d'am leis an suirbhé tábhachtach seo a chomhlíonadh, roghnaigh Gaelscoil do do phaiste agus bíodh ionchur tábhachtach agat i múnlú todhchaí córas oideachas na hÉireann.

**Go raibh maith agat!**

**An Foras Pátrúnachta** :: +353-1-6294110 :: eolas@foras.ie

Tá An Foras Pátrúnachta ag soláthar éagsúlacht agus iolrachas agus ag freastal ar éileamh thuismitheoirí ó bunaíodh é i 1993. Beidh eolas cuimsitheach mar gheall ar an bpróiseas ar suíomh An Foras Pátrúnachta (www.foras.ie) agus beimid ar fáil chun eolas a sholáthar ar bhuntáistí oideachas lán-Ghaeilge, an sainspiorad Ilchreidmheach nó fúinn mar phátrún



# Oiliúint ar na Boird Bhainistíochta: An Bord Bainistíochta mar Aonad Corparáideach, Samhain 2012

Tá Foras Pátrúnachta na Scoileanna lán-Ghaeilge agus Gaelscoileanna Teo. ag cur clár oiliúna le chéile do bhoird bainistíochta na mbunscoileanna lán-Ghaeilge agus ba mhaith linn cuireadh a thabhairt do bhaill do Bhord bheith rannpháirteach ann. Reáchtálfar an clár seo in amanna éagsúla sa bhliain atá romhainn. Tá an oiliúint seo ar fáil tríd páirtithe éagsúla oideachais agus tá sí aitheanta ag an Roinn Oideachais agus Scileanna.

Beidh an oiliúint seo á chur ar fáil do chúig módúil atá curtha le chéile ar bhonn náisiúnta idir an Roinn Oideachais agus na páirtithe oideachais bunscoile. Ina measc tá:

- Nósanna Imeachta Ceapacháin (Déanta i mí na Bealtaine 2012)
- An Bord Bainistíochta mar Aonad Corparáideach (Samhain 2012)
- Airgeadais Boird agus Ról an Chisteora (2013)
- Ceisteanna Dlí (2013)
- Caomhnú Leanaí (2013)

Beidh an dara seisiún oiliúna ar siúl i gcúig ionad mórthimpeall na tíre idir an 13 agus an 19 Samhain 2012 agus díreoidh siad ar an modúl An Bord Bainistíochta mar Aonad Corparáideach. Tá tábhacht ar leith leis an modúl seo agus na freagrachtaí atá ar an mbord. Molann muid do gach Bord ina iomláine freastal ar an dtraenáil seo.



Seán de Paor, Priomhoide Gaelscoil Chill Dara agus Máirín Ní Chéilleachair, Príomhoide Gaelscoil Uí Fhiach i mbun oiliúna in Óstán an Green Isle , Baile Átha Cliath i mí na Bealtaine 2012

(Modúl—Nósanna Imeachta Ceapacháin)



# Oiliúint ar na Boird Bhainistíochta: An Bord Bainistíochta mar Aonad Corparáideach, Samhain 2012

Seo hiad na cúig ionad, dátaí agus am a mbeidh an oiliúint seo ar siúl:

| Áit | Ionad & seoladh | Dáta |
|---|---|---|
| 1. Baile Átha Cliath | Green Isle Hotel, Baile Átha Cliath | Dé Máirt 13/11/12, 7.00 - 9.30 |
| 2. Cill Chainnigh | Ionad Oideachais Chill Chainnigh, Seville Lodge, Bóthar Challain, Cill Chainnigh | Dé Máirt, 13/11/12 7.00 - 9.30 |
| 3. Sligeach | Ionad Oideachais Shligigh, Ballinode, Sligeach (ar an gcampas céanna leis an Institiúid Teicneolaíochta) | Dé Céadaoin 14/11/12, 7.00 - 9.30 |
| 4. Gaillimh | Lough Rea Hotel & Spa, Baile Locha Riach, Co. na Gaillimhe | Dé Céadaoin 14/11/12, 7.10 - 9.30 |
| 5. Cathair Chorcaí | Maryborough Hotel and Spa, Maryborough Hill, Douglas, Cork, Ireland | Dé Luain, 19/11/12, 7.15 - 9.30 |

Bheadh muid buíoch dá bhféadfá an t-eolas seo a scaipeadh ar gach ball de Bhord Bainistíochta na scoile agus a chur in iúl dóibh go bhfuil fáilte rompu go léir freastal ar an oiliúint. Níl aon chostas ar an oiliúint seo mar go bhfuil an Roinn Oideachais agus Scileanna ag íoc as. Cuireann muid fáilte roimh leas-phríomhoidí nach bhfuil mar bhall den Bhord Bainistíochta freastal ar an oiliúint chomh maith.

Má tá aon cheist agat maidir leis an oiliúint tá fáilte romhat teagmháil a dhéanamh linn ag na huimhreacha thíos.

Is muidne, le meas,

Nóra Ní Loingsigh
Leas-Ardfheidhmeannach
Gaelscoileanna Teo.
01-8535191

Caoimhín Ó hEaghra
Ard-Rúnaí
Foras Pátrúnachta na Scoileanna Lán-Ghaeilge
01-6294110

## An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta & Gaelscolaíochta

www.cogg.ie




Beidh sé 10 mbliain ó bunaíodh COGG i bhfómhar na bliana seo agus tá súil ceiliúradh a dhéanamh ar a bhfuil bainte amach sa tréimhse sin. Bunaíodh COGG faoi fhorálacha an Acht Oideachais le comhairle a chur ar an Aire Oideachais agus ar an CNCM faoi theagasc trí Ghaeilge agus faoi theagasc na Gaeilge, chomh maith le taighde a dhéanamh, seirbhísí taca a chur ar fáil agus comhordú a dhéanamh ar an soláthar téacsleabhar agus áiseanna teagaisc.

I 2002, nuair a thosaigh COGG ar dtús, ní raibh oiread agus téacsleabhar amháin oiriúnach don Churaclam Leasaithe ag daltaí Rang a 6 na mbunscoileanna lán-Ghaeilge ach anois tá soláthar iomlán ar fáil do gach rang agus gach ábhar bunscoile, idir théacsleabhair agus áiseanna teagaisc eile. Tá COGG páirteach anois i dtionscadal digitiú 'Séideán Sí' agus i gcomhpháirt leis An Áisionad leis an gClár Luath Léitheoireachta 'Cleite' a chur ar fáil do scoileanna an deiscirt.

Maidir leis na hiarbhunscoileanna, tá an dul chun cinn níos moille de bharr faid na dtéacsleabhar, athruithe siollabas agus rogha ábhar Ardteistiméireachta ach tá soláthar ann anois do na 'mór' ábhair (Eolaíocht, Stair, Tíreolaíocht, Eacnamaíocht Bhaile, Bitheolaíocht, Gnó, Ceol agus reiligiún) agus gach iarracht á dhéanamh coimeád suas le 'Tionscadal Mata'. Cuirtear páipéir triail scrúduithe ar fáil go bliantúil i bhformhór na n-ábhar. Eagraítear cúrsa Gaeilge gach samhradh do mhúinteoirí na n-ábhar iarbhunscoile (seachas teangacha) le tacú leo ó thaobh deachleachtais múinteoireachta de. Beidh cúrsa na bliana seo ar siúl 20-24 Lúnasa i gColáiste an Eachréidh, Baile Átha an Rí.

Tá a lán ábhar breise do mhúinteoirí agus do dhaltaí ar fáil ar www.cogg.ie , mar aon le bunachar áiseanna teagaisc, tuarascálacha taighde agus cainéal iTunes. Déantar gach iarracht obair i gcomhpháirt le dreamanna eile agus tá súil ag COGG i bhfad níos mó comhthionscadail a fhorbairt sa bhliain romhainn le CCEA agus leis an Áisionad i dTuaisceart Éireann.

Muireann Ní Mhóráin

Príomhfheidhmeannach

An Coimisinéir Teanga

## Cearta Teanga i réimse an Oideachais




Is minic ceisteanna ag múinteoirí agus ag údaráis scoileanna, go h-áirithe i scoileanna Gaeltachta agus scoileanna a chuireann oideachas trí Ghaeilge ar fáil, faoi na cearta atá acu maidir le húsáid na Gaeilge.

As Bunreacht na hÉireann a shíolraíonn na cearta sin agus tá siad daingnithe le dlí in achtacháin éagsúla, san áireamh an tAcht Oideachais 1998, Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003 agus i rialacháin, scéimeanna, ordacháin, agus ionstraimí reachtúla eile a rinneadh ó bunaíodh an Stát.

Is dócha go bhfuil an fhoráil reachtúil i bhfo-alt 7(2)(d) den Acht Oideachais 1998 ar cheann de na cinn is tábhachtaí agus is suntasaigh. Cuireann sé dualgas ar an Aire Oideachais agus Scileanna *"seirbhísí taca trí Ghaeilge a sholáthar do scoileanna aitheanta a chuireann teagasc trí Ghaeilge ar fáil agus d'aon scoil aitheanta eile a iarrann soláthar den sort sin"*. Tá sainmhíniú tugtha san Acht céanna ar ar bhfuil i gceist le "seirbhísí taca".

Le blianta anuas tá fiosrúcháin foirmiúla ar a dtugtar "imscrúdaithe" déanta ag an Coimisinéir Teanga de bharr gearáin a bheith déanta leis faoi easpa seirbhísí taca trí Ghaeilge agus tá cinntí déanta aige, go bhunúsach, go gciallaíonn an mhír sin den Acht Oideachais go bhfuil dualgas ar an Aire agus an Roinn cibé seirbhísí taca a chuirtear ar fáil trí Bhéarla do scoileanna ar fud na tíre a sholáthar freisin trí Ghaeilge do scoileanna

## Cearta Teanga i réimse an Oideachais (ar lean)

Sa bhreis ar sin, faoi Acht na dTeangacha Oifigiúla tá sé de cheart ag duine freagraí a fháil i nGaeilge ar chumarsáid i scríbhinn nó le ríomhphost le haon chomhlacht stáit, san áireamh na ranna rialtais ar fad, ina measc An Roinn Oideachais agus Scileanna.

Aontaítear scéimeanna teanga nó pleananna reachtúla teanga faoi Acht na dTeangacha Oifigiúla freisin. I gcás scéim teanga na Roinne Oideachais agus Scileanna tá gealltanais tugtha i leith na mbunscoileanna go mbeidh leagan Gaeilge ar fáil de gach ciorclán nua, de gach doiciméad neamh-theicniúil agus de gach bileog eolais nua a scaiptear.

Tá sé geallta freisin sa scéim teanga sin go gcuirfí leaganacha Gaeilge ar fáil de na foirmeacha iarratais do na seirbhísí seo leanas: Seirbhís Phárolla do Bhunscoileanna, Meánscoileanna, Scoileanna Pobail agus Scoileanna Cuimsitheacha, Seirbhísí Riaracháin Bunscoile agus Seirbhísí Pearsanra d'fhoireann múinteoireachta agus foireann eile a fhostaítear ag leibhéal Bunscoile. Anuas ar sin tá sé ráite sa scéim teanga, i gcás nach féidir freagra a thabhairt láithreach ar ghlaonna teileafóin trí Ghaeilge, go gcuirfí glaoch ar ais taobh istigh de lá amháin oibre.

Is féidir eolas a fháil faoi chearta teanga sa réimse seo ach teagmháil a dhéanamh le hOifig an Choimisinéara Teanga i scríbhinn ag an seoladh; An Spidéal, Co na Gaillimhe, le ríomhphost ag eolas@coimisineir.ie , fón (091) 504 006, facs (091) 504 036 nó ar chostas glao áitiúil (1890) 504 006. Tá tuilleadh le fail ar www.coimisineir.ie.

Sa bhreis ar sin, tá cóipeanna d'acmhainn oideachais dhátheangach, Cearta Teanga/ Language Rights, curtha ar fáil ag Oifig an Choimisinéara Teanga, do gach scoil dara leibhéal sa tír le tacaíocht ón gComhairle um Oideachas Gaeltachta agus Gaelscolaíochta. Tugtar léargas san acmhainn seo ar chearta teanga go ginearálta agus ar chás na Gaeilge go háirithe i gcomhthéacs cearta daonna.

Sraith de cheachtanna scoile agus tionscadail dhátheangacha atá ann a mhúinfear mar chuid de chúrsa an Teastais Shóisearaigh san Oideachas Saoránach, Sóisialta agus Polaitiúil (OSSP). Tá an pacáiste foghlama gníomhaí seo ullmhaithe go dátheangach agus áirítear ann leabhar don mhúinteoir, póstaeir, CD-ROM, DVD de ghearrthóga físe agus acmhainní ar líne atá ar fáil ag www.coimisineir.ie/scoileanna. Feidhmíonn an suíomh gréasáin www.coimisineir.ie mar fhoinse eolais faoi gach a mbaineann le hOifig an Choimisinéara Teanga agus le hAcht na dTeangacha Oifigiúla 2003.

Oifig an Choimisinéara Teanga

## Tá AN FORAS PÁTRÚNACHTA ag feidhmiú ar na líonraí sóisialta!







Tá leathanach Facebook agus cuntas Twitter againn le tamall anois. Ba bhreá linn dá dtabharfadh sibh cuairt ar na cuntais seo agus a bheith inár leanúint! Is bealach iontach iad na líonraí sóisialta margaíocht éifeachtach agus éifeachtúil a dhéanamh don phobal mór atá ag baint úsáid as na líonraí sóisialta seo go minic gach lá. Chomh maith leis sin, ba bhreá linn eolas agus poiblíocht a thabhairt dár scoileanna trí ghiotaí nuachta agus grianghraif a chur suas den obair agus d'imeachtaí na scoile a tharlaíonn i rith na bliana. Is féidir teacht orainn trí chuardach a dhéanamh ar AN FORAS PÁTRÚNACHTA ar Facebook agus @AFPatrunachta ar Twitter.



# Dhá Aip nua Gaeilge seolta ag Cúla 4 & TG4




Sheol Cula4 dhá Aip nua spraoíúil Gaeilge do pháistí réamhscoile ag an deireadh seachtaine, *Culacaint2* agus *Olly an Veain Bheag Bhán*.

Is féidir iad a íoslódáil saor in aisce - téigh chuig an App Store agus déan cuardach ar Cúla4 nó TG4. Eiseofar Aip eile, *Ag Spraoi le Claude* roimh dheireadh na míosa. Tuilleadh eolais: www.tg4.ie








## Bliain na Gaeilge 2013, TG4 & Foinse Nuachtáin



# Comórtas Fhógra Teilifíse

## Do Mhic Léinn Dara & Tríú Leibhéal

**Tá TG4 agus Foinse ag cabhrú le Bliain na Gaeilge le fógra teilifíse a chur le chéile don bhliain agus ba mhaith linn bhur moltaí don fhógra sin!**

Is deis iontach í seo do mhic léinn sna meánscoileanna agus sa tríú leibhéal páirt a ghlacadh i gcomórtas náisiúnta, scileanna cumarsáide a fhorbairt agus duaiseanna iontacha a bhaint amach atá curtha ar fáil ag Foinse.ie agus TG4.

**Céard atá le déanamh?**

- Fógra teilifíse do Bhliain na Gaeilge 2013 a thaifeadadh le físcheamara, fón póca (bain úsáid as an cód qr trasna más mian libh), ipad nó eile, agus an físeán a uaslódáil go www.foinse.ie/bng
  *(ní gá a bheith róbhuartha faoi chaighdeán an taifid. Is é an coincheap taobh thiar den fhógra an rud is tábhachtaí)*
- Cur síos idir 100 agus 200 focal a scríobh maidir leis an bhfógra agus é a chur chugainn leis an bhfíseán ag www.foinse.ie/bng
- Nó cuir an físeán agus an cur síos chuig: Comórtas Fógraíochta, Bliain na Gaeilge, 6 Sráid Fhearchair, Baile Átha Cliath 2

**Céard é an Spriocdháta?**

- Is é an Aoine, 30 Samhain 2012, ag 12.00t.n. an spriocdháta don chomórtas (is féidir na hiarratais a uaslódáil nó a sheoladh chugainn ó 1 Samhain ar aghaidh)

**Forbhreathnú an Fhógra:**

- 20 soicind ar fad
- Dátheangach nó as Gaeilge amháin
- Oiriúnach do na meáin shóisialta agus físeán mearscaipthe
- Féidearthacht í a úsáid ar an teilifís
- Táthar ag lorg cruthaitheachta chun aird an lucht féachana a ardú agus íomhá nua-aimseartha a léiriú faoi Bhliain na Gaeilge agus an Ghaeilge féin
- Caithfidh na físeáin a bheith níos lú ná 20MB

**Duaiseanna don fhógra is fearr:**

- €500 urraithe ag Foinse
- Déanfaidh TG4 an fógra a thaifeadadh go proifisiúnta leis an mbuaiteoir

**Eolas breise:**

Is féidir aon eolas breise faoin bhfógra féin nó faoin gcomórtas a lorg ó Chonradh na Gaeilge ag comortas@cnag.ie nó 00353 (0)1 4757401

2013 Bliain na Gaeilge

**Céard í Bliain na Gaeilge?**

Beimid ag ceiliúradh na Gaeilge in 2013 ar fud an oileáin agus ag cur na mílte deiseanna úsáide Gaeilge ar fáil don dá mhilliún duine sa phobal a bhfuil Gaeilge ar leibhéil éagsúla acu, chomh maith le daoine a mhealladh leis an nGaeilge a fhoghlaim. Beidh idir imeachtaí náisiúnta, imeachtaí sa phobal, comórtais agus tionscadail nua Ghaeilge ar siúl i rith na bliana.

**Cén fáth 2013?**


Cuireadh tús le hathbheochan na Gaeilge in 1893 le bunú Chonradh na Gaeilge. In 2013 beimid ag tabhairt aitheantais don dul chun cinn ar fad atá déanta le 120 bliain anuas ag na heagraíochtaí Gaeilge agus Gaeltachta, na scoileanna agus grúpaí eile ó shin i leith leis an nGaeilge a chaomhnú, a bhuanú agus a

2013 Bliain na Gaeilge TG4 Foinse.ie Conradh na Gaeilge Foras na Gaeilge

# Suíomh nua ag an Roinn Oideachais agus Scileanna www.education.ie




Tá suíomh nua ag an Roinn Oideachais agus Scileanna agus athdhearadh déanta ar an suíomh seo. Tá an chuid eolais ar fáil bailithe le chéile i rannóg nua.






Tá rannóg ar an suíomh— 'Find a school' (Níl leagan Gaeilge den leathanach seo ar fáil go fóill.)

Mholfainn don Phríomhoide nó don Chathaoirleach an t-eolas a sheiceáil ar fhaitíos nach bhfuil an t-eolas cruinn.

Má fheictear duit go bhfuil eolas míchruinn ann is féidir ríomhphost a sheoladh ag an seoladh seo leis an eolas ceart:
webmaster@education.gov.ie.

Tá tuilleadh eolais anseo:

http://ncte.ie/News/Mainbody,22198,en.html

# Na ciorcláin is tábhachtaí ón Roinn Oideachas & Scileanna 2012

Tá na ciorcláin ar fad ar fáil ar www.foras.ie agus ar www.education.ie

http://www.education.ie/ga/Ciorcláin-agus-Foirmeacha/Ciorcláin-Gníomhacha/

- An Roinn
- An Córas Oideachais
- Preas agus Imeachtaí
- Foilseacháin
- Ciorcláin agus Foirmeacha
  - Ciorcláin is déanaí agus Foirmeacha
  - **Ciorcláin Gníomhacha**
  - Ciorcláin Cartlainne
  - Foirmeacha Coitianta
- Dearadh Scoileanna

## Ciorcláin Gníomhacha

Tá ciorcláin Gníomhacha ciorcláin a bheidh i bhfeidhm faoi láthair

| Aitheantas | Teideal | Earnáil | Íoslódáil | |
|---|---|---|---|---|
| 0035/2012 | Scéim Pas Taistil le haghaidh 2013 | Bunoideachas, Iarbhunoideachas | | Sonra |
| 0032/2012 | Clár Vacsainithe Scoileanna agus Feachtas Feabhsaithe sa bhliain 2012/2013 maidir le Vacsainiú MMR (bruitíneach, leicneach mar aon le bruitíneach dhearg) | Bunoideachas, Iarbhunoideachas, OGO | | Sonra |
| 0031/2012 | Aistriú ó Líonra Teilifíse Analógach go dtí Líonra Teilifíse Digiteach | Bunoideachas, Iarbhunoideachas, OGO | | Sonra |
| 0030/2012 | Socruithe maidir le Toghadh Ionadaithe do na Tuismitheoirí agus don Fhoireann ar OGOanna (2012) | OGO | | Sonra |
| 0029/2012 | Riachtanais Phríomhaidh do Chúiseanna Clárúcháin d'Oidí Bunscoile | Bunoideachas | | Sonra |
| 0028/2012 | Íocaíocht as Ionadaíocht don bhliain acadúla 2011/2012 i bPríosúin | OGO | | Sonra |
| 0027/2012 | Siollabais athbhreithnithe sa Mhatamaitic don Teastas Sóisearach agus san Ardteistiméireacht le haghaidh scrúdú na hArdteistiméireachta i 2014 agus scrúdú an Teastais Shóisearaigh i 2015 | Iarbhunoideachas | | Sonra |
| 0026/2012 | An Scéim Teagasc Baile 2012/2013 | Bunoideachas, Iarbhunoideachas, OGO | | Sonra |
| 0025/2012 | Forfheidhmiú na Straitéise Náisiúnta Litearthachta agus Uimhearthachta | Iarbhunoideachas, OGO | | Sonra |
| 0024/2012 | Rangú na mBord Oideachais agus Oiliúna nua chun críche na scálaí pá a bhaineann le | OGO | | Sonra |

# Sonraí teagmhála an Fhorais:

Is féidir teagmháil a dhéanamh leis an bhfoireann ag na sonraí seo a leanas:



Caoimhín Ó hEaghra,

Ard-Rúnaí

caoimhin@foras.ie

(01) 6294 110



Siobhán Seoighe,

Feidhmeannach

siobhan@foras.ie

(01) 6294 110



Eoghan Mac Cormaic,

Comhairleoir

eoghan@foras.ie

(01) 6294 110

Bhfuil scéal ag do scoil nó ócáid ag teacht chun cinn.

Ba bhreá linn cloisteáil uait!

Is féidir eolas a sheoladh chuig an seoladh ríomhphost seo eolas@foras.ie nó glaoch orainn san oifig ag an uimhir seo a leanas: (01) 6294 110

Tá tuilleadh eolais ar fáil ar an suíomh agus má tá moltaí ar bith agat maidir leis an suíomh nó eile ba bhreá linn cloisteáil uait.